

# AN CHOILL

LIAM MAC CÓIL

An Chéad Eagrán 2016  
© Liam Mac Cóil 2016

ISBN 978-1-909907-69-0

Gach ceart ar cosaint.

Ní ceadmhach aon chuid den fhoilseachán seo a atáirgeadh,  
a chur i gcomhad athfhála, ná a tharchur ar aon mhodh ná slí,  
bíodh sin leictreonach, meicniúil, bunaithe ar fhótachóipeáil,  
ar thaifeadadh nó eile, gan cead a fháil roimh ré ón  
bhfoilsitheoir.

Clóchur agus dearadh: Caomhán Ó Scolaí

Clódóireacht: Clódóirí Lurgan



Foras na Gaeilge

*Táimid buíoch d'Fhoras na Gaeilge as a tacaíocht airgid do Leabhar Breac*



*Tugann An Chomhairle Ealaíon tacaíocht airgid do Leabhar Breac*

Leabhar Breac, Indreabhán, Co. na Gaillimhe.

Teil: 091-593592

[www.leabharbreac.com](http://www.leabharbreac.com)

A  
M  
AM  
MA  
MAM  
MAMA  
AMMA  
AMTHA  
AMTHU  
AM THÚ  
IOM THÚ  
IOM THÚS  
IOMTHÚSA  
IOMTHÚSAN  
IOMTHÚSA AN  
IOMTHÚSA AN FHIR  
IOMHTÚSA AN FHIR AIN  
IOMTHÚSA AN FHIR AINEOIL

Iomthúsa an fhir aineoil iomorra tharla é i gcoill dhiamhair. Amhail do bheadh caite ón spéir anuas, do thit chun cosa an chrainn láidir, i dtús maidine, in am prímhé de ló.

Bhí sé ina fhaonluí ansin ar an talamh nocht sínte ar lár i bhfodhomhain foraoise, i bhfad ó shlua agus ó shochaí daoine. Níorbh fheasach dó a bheith ann. Níorbh fheasach dó a bheith. Níorbh fheasach dó.

Bhí sé cumhdaithe go cluthar i gcúil coilearnaí, gan oireas gan iúl, gan mothú gan iomrá, gan aithne gan urlabhra. Théigh na bileoga buí rua a cholainn lag agus mhaolaigh caonach bog na glaschoille fiacail seaca an dúgheimhridh. Ba chodladh dó ansin go soineanta sámh, go soinmheach sáil

amhail éinín soiprithe  
san olannacht amhail  
leoinín i gcruinnteach  
amhail laoidín i loc  
nó leanbh aonlae ar  
leaba bhog a mháthar.

Bhí sé ina fhaonluí ansin faoi bhun na mbilí craobh-aithe insa choill mhór dhorcha sealad fada agus níorbh fheasach dó an lá nó oíche a bhí ann.

## II

Dhúisigh an fear aineoil ansin agus d'oscail sé a shúile. Níor aithin sé aon ní. Níor chuimhin leis an dóigh a ráinig an chiarchoill. Bhí na crainn timpeall mór agus dlúth agus na craobhacha chomh fite tiubh sin nach

bhféadfadh aon gha gréine teacht tharastu. Rinne sé iarracht a cheann a ardú agus níorbh fhéidir leis.

Bhreathnaigh sé uaidh thar an mbrat duilleach nárbh fheasach dó gur bhrat duilleach é agus ní cian go bhfaca ionadh anaithne .i. solas geal agus dealramh órga. Amhail a sháfaí ga aonair gréine i mbolglár na coille, beodh an áit timpeall le loinnearthacht ghlé agus folaíodh an talamh amhail de bhrat nua niamhghlan. Ba lasta an áit uile leis na ruithní gréine. Bhí míle céad seoidíní ag lonradh iontu. Bhí mar a bheadh doirse na gréine agus feinistrí an earraigh arna oscailt ar oiribhear aoibhinn múrtha .i. gairdín bláith fosaidh fálaithe. Tríd an oiribhear bhí conair ag lúbadh. Ní fhaca sé sin. Ach chuala sé dar leis cuisleanna ceoil á seinm i bhfad i gcéin. Tháinig aoibh air. Ba mhaith sin.

Mhúscaíl dóchas éigin ann. D'fhéach uaidh an fhoraois álainn iontach. Rinne iarracht éirí agus níor fhéad sé. Shín sé a lámh amach i dtreo na ndrithlí gréine. Bhuail a mhéara in éadan ruda. Rug air. Agus níor b'aithnid dó an ní ros-fug. Níor fhan an ní aige ach d'éalaigh uaidh. Chuir sé strainc air féin. Rug greim láimhe arís ar ualach an ruda. Scaoil. Amhail sin do bhí sealad fada, balbh agus leath-chaoch, gan iúl gan eolas sa mhothar craobhach. D'imigh an t-iontas. D'éalaigh an ghrian léi. Níor fhan.

### III

Rinneadh fuacht den teolaíocht shámh agus den tirime ghnách rinneadh fleochadh. Ní bog a bhí an talamh faoi níos mó ach cnapánach cruá. Níor mhaoth an duilliúr ruaite anois ach garbh lena ghrua nocht. An solas geal, bhí sé anois ar iarraidh agus bhí an dorchadas ina bheatha arís mórthimpeall.

Níor mhín leis a luí níos mó, ar an talamh teann gan teas gan treorú. Bhí sé amhail is go raibh falla feá thart timpeall agus na doirse uile ann iata air agus eisean ina luí ar chaolrach chodarsna, faonlag le fraigh, gan fortacht, agus a chloigeann ar fhrithadhart coinlíní a bhí ag forchuimilt lena chluasa. Léim daigh cumha isteach ina chroí agus níorbh fheasach dó cén fáth.

Ní cian gur shín sé a lámh amach sa duilliúr donn arís. D'airigh sé arraing ghéar ina mhéar gan choinne. Chuaigh spíon isteach ina mhéar amhail is go raibh sí gonta ag fiacail nimhe. Bhí sé i bpéin chontanóideach. Ro ghabh for ghubha agus tuirse agus do bhí ag gol is ag éagoin. Bhí éamh uile an domhain mhóir ina ghológ ghéar shobhriste.

Bhí sé ag ochadh agus ag acaoineadh sealad fada ag déanamh dobróin faoin éigean ina raibh, faoi dhoichte ghruama na coille, agus faoi dhoscaoilteacht an tsaoil timpeall air. Ansin go tobann ní raibh aon phian ann níos mó agus níorbh fheasach dó cén fáth. D'fháisc sé chuige



an cruas lasmuigh agus an bhoige laistigh, an barrghol is an buntost, an aithnid bheag is an aduaine mhór. Ní cian gur thit a thoirchim suain is sámhchodlata air.

#### IV

Ar maidin iomorro d'ardaigh sé a cheann. Thug sé a lámh thar a aghaidh agus d'fhéach sé an fhoraois álainn iontach. Ba é an t-am den lá a bhí ann béal na maidine niamhraí. Bhí intinn mheanmnach aige agus dóchas

maith. Thionscain sé for éirí. Treascraíodh dochum talún é .i. thit sé. Níor chuir sé i mbrí an méid sin agus thionscain for éirí arís. Treascraíodh dochum talún arís é. Ba náir leis sin.

Thionscain for éirí an tríú huair. D'éirigh. Sheas. Ach go hantráthach bhí urlár na coille breac le bacanna, le lomáin, le cearchaillí leathcheilte, is le buinneáin coill. Coiscéim dar thóg sé bascadh a throigh agus leagadh dochum talún arís é. Do gháir agus do ghréach sé.

Do ghabh bá agus connailbhe na crainn mhóra timpeall um chabhrú leis. Bhí géag den chrann láidir ina fhreacnarcas. Shín sé a lámh amach agus rug uirthi. D'éirigh sé ina sheasamh. Do bhí ina sheasamh ansin go daingean díreach, mar bhile i measc na gcrann coill.

Chuaigh sé d'fhéachaint na coille timpeall. Ba é an t-am é nuair a bhí an choill ag craobhú agus na crainn á gclúdach le duilliúr úr. Rug sé ar lúb ghéige dochum tacaíochta agus chuaigh an spíon chealgach isteach ina láimh. Amhail gur theagmhaigh sé le teanga nimhe caitheadh siar é ón ionad baolach agus do leagadh dochum talún é.

Ghoin scanradh beag anaithnid a chroí. Bhí buairt air. Ach i siosarnach na gcrann dúileach fuair faoiseamh, i ngormghaois ghrámhar an mhothair óig úrghlais fuair sólás, agus i siosmaid dhocht na gcoll fuair sé an spreagadh a theastaigh. Tháinig forbairt ar a bhríonna.

Ní cian go raibh ina sheasamh arís. Rug sé coiscéim



fhaichilleach dhígeanta chun tosaigh agus chuaigh d'fhéachaint na foraoise an athuair.

## V

Is ansin a fuair sé ionadh anaithne. Chonaic sé i measc na gcrann dorcha, mar a bheadh fálaithe ag sonnach scáth, solas donnbhúí. Saighneán dealrúch ón ngrian ghlanruithneach a d'éalaigh isteach sa chiarchoill. Shoilsigh sé taobh crainn go raibh coirt an chrainn amhail cré-umha slíobtha nó fleasc fionnruine arna adhnadh ó theas na tine diamhaire. D'fholaigh an loinnir an duille úr amhail de bhrat niamhrach samaíte arna fhí d'órshnáth lonrach ghléghlan.

Gairid iomorro ina dhiaidh sin gur chuala sé ceol maothbhinn amhail claisceadal aingeal dá ionsaí agus chuaigh an solas i ngile agus rinne craobhra glégheal airgid den duille timpeall agus rinne an chraoibhín ghealóir nótaí binne ceoil le croitheadh na caoinghaoithe. Líonadh an choill de bholtanú neamhaí amhail a bheadh túis agus miorr agus áraim agus luibheanna dea-bholaidh na beatha seachnóin na coille. Gheall an t-iontas dó aoibhneas an ghairdín agus pléisiúr comaoineach an oiribhir.

Ro ghabh toil é faoi dhul agus breith ar an gcraoibhín, óir ní fhaca sé go hiomlán í thar an bhfolach duilliúir a bhí thairisti. Ba fó leis í a fheiceáil agus a thógáil ina láimh,

an chraoibhín álainn a bhí ag lonrú anonn is anall agus ag déanamh ceoil. B'ionadh leis ní chomh huasal léi a bheith san fháschoill, seoid os séada ar ghloine agus ar áille.

Ma, ol sé, ag gearradh aer na foraoise dó leis an bhfocal.

Chuaigh sé d'ionsaí na gile ach tharla mainnear de fhleasca imramhra géag idir é agus an solas .i. fál drise agus slata droighin. Shín sé a lámh amach i dtreo na gile agus d'imigh an solas neamhaí uaidh i gcéadóir agus ní feas dó conas tháinig ann nó cá háit a ndeachaigh arís. D'éalaigh an ghile uaidh agus níor fhan.

Ba mhian leis an solas a leanúint agus níor fhéad le daingne na n-eachlasc drise agus draighin agus dlús na lusanna feá uile ina thimpeall. Agus leagadh dochum talún arís é.

Fágadh an fear aineoil ina aon is ina uatha ar lár, gan fuigheall gan focal, ina luí ar an talamh dúr dí-ainm i bhfrithneasacht na féinaithne. Agus rinne sé amhras ar an loinnir do chonaic, óir níor ba deimhin leis anois nach fíis a chonaic. Ba dhaigh cumha ina chroí an méid sin agus ba leamh leis feasta an choill dhorcha agus an riocht cailte ainbhiosach ina raibh sé.

## VI

Arna mhárach iomorro is ea do bhí forbairt ar a bhríonna agus thionscain sé for éirí. D'éirigh an fear